An Roinn Oideachais
Department of Education

# Treoir maidir le Clár Samhraidh 2024

## Do Bhunscoileanna agus Scoileanna Speisialta Príomhshrutha

# Réamhrá

Tá Clár Samhraidh na bliana seo ag tógáil ar chláir 2021, 2022 agus 2023. Is í an phríomhthosaíocht i gClár Samhraidh 2024 ná a chinntiú go mbeidh rochtain ar chlár samhraidh scoilbhunaithe ag na daltaí a bhfuil na riachtanais is casta acu. Tá clár na bliana seo deartha agus forbartha lena chinntiú go ndírítear tacaíochtaí chun cuidiú le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus leo siúd atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachais.

Tá sé mar aidhm ag an gclár tacú le folláine daltaí trína muinín a chothú agus trína muintearas lena scoil agus lena bpiaraí a fheabhsú. Déantar iarracht freisin tacú le leanaí agus le daoine óga atá ag céimeanna aistrithe tábhachtacha ina bhforbairt oideachais chun dul ar aghaidh go dtí a socrúchán oideachais pleanáilte i mí Mheán Fómhair. Cuirfear deiseanna ar fáil dóibh ann chun taitneamh a bhaint as a bheith rannpháirteach san oideachas, folláine agus súgradh i rith mhíonna an tsamhraidh i dtimpeallacht nach bhfuil chomh foirmiúil sin i gcomparáid leis an eispéireas a bhíonn acu i rith na scoilbhliana.

Ba ag paindéim COVID-19 agus ag an gcur isteach gaolmhar ar an oideachas a bhí iarmhairtí díobhálacha do chuid mhór leanaí, daoine óga agus dá dteaghlach. Bhí éifeacht níos mó fós ann ar leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus orthu siúd atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachais. Mar thoradh ar an gcur isteach ar an ngnáthamh scoile, ar chaidreamh sóisialta le cairde agus ar thacaí eile scoile, bhí baol ann go rachadh foghlaim, forbairt shóisialta agus mhothúchánach agus folláine na leanaí sin ar gcúl.

Sa treoir seo ón Roinn Oideachais, cuirtear creat ar fáil do chlár samhraidh i mbunscoileanna do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó dóibh siúd atá sa bhaol is mó míbhuntáiste oideachais. Beidh an clár ar siúl ar feadh dhá sheachtain i scoileanna agus is féidir é a thairiscint i mí an Mhéithimh, mí Iúil nó mí Lúnasa. Cuirtear é ar fáil i gcomhthéacs an chur isteach a bhain le hoideachas foghlaimeoirí i dtaca le COVID-19 le trí scoilbhliana anuas.

Is iad na torthaí inmhianaithe do dhaltaí ná mar thoradh ar a rannpháirtíocht sa chlár samhraidh, beidh eispéireas acu de rannpháirtíocht leanúnach i gcúrsaí oideachais, tuiscint níos fearr ar a bhfolláine féin agus riar scileanna méadaithe chun leanúint ar aghaidh lena bhfoghlaim.

Mar atá leagtha amach sna doiciméid forléargais, ní chuirtear scéimeanna ar leith ar fáil a thuilleadh i gclár 2024 don Chlár Cuimsithe agus do Ranganna Speisialta i scoileanna príomhshrutha. Tagann **Scéim na mBunscoileanna** in ionad an dá thionscnamh seo agus comhtháthaíonn sí iad in aon scéim chuimsitheach amháin do bhunscoileanna príomhshrutha a fhreastalaíonn ar dhaltaí i ranganna speisialta, daltaí a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu i ranganna príomhshrutha agus na daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais.

In 2024, tá an Clár Scoile Speisialta ag leanúint ar aghaidh mar thionscnamh píolótach chun a chinntiú go bhfuil fócas ceart ar thacaíocht a thabhairt do scoileanna speisialta. Tá an clár seo deartha agus forbartha chun a chinntiú go ndírítear ar thacaíochtaí chun feabhas a chur ar an bhfáil atá ar chláir scoilbhunaithe ag daltaí i scoileanna speisialta.

# Clár Samhraidh 2024

Is é téama chlár na bliana seo arís **'Muinín agus Naisc a Chothú'.**

Tá sé i gceist leis an gClár Samhraidh go mbeidh eispéireas taitneamhach ag na daltaí agus na baill foirne araon. Ba chóir go léireofaí téama na bliana seo leis an raon gníomhaíochtaí agus ba

chóir go mbeadh deiseanna ann don rannpháirtíocht daltaláraithe san fhoghlaim, deiseanna foghlama gníomhacha, comhoibriú idir piaraí agus don fhoghlaim.

Ba chóir go mbeadh sé deartha chun deis ar ardchaighdeán a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga chun taithí a fháil ar shaol na scoile ar bhealach an-tacúil. Ba chóir go gcabhródh sé le leanaí agus le daoine óga barr a gcumais a bhaint amach, a bheith acmhainneach agus iad ag déileáil leis na gnáthstruis ina saol, aire a thabhairt dá bhfolláine choirp agus tuiscint ar chuspóir, ceangal agus muintearas a bheith acu le pobal na scoile.

Sa treoir seo, cuirtear creat teagaisc ginearálta ar fáil d'fhoireann na scoile chun cabhrú le dearadh agus soláthar an Chláir Samhraidh scoilbhunaithe. Tugann sé neamhspleáchas agus solúbthacht do bhaill foirne scoile chun an clár a mhionathrú chun freastal ar a gcomhthéacs scoile ar leith.

Beidh ar gach Eagraí Clár Samhraidh scoile freastal ar oiliúint ar líne a bheidh á héascú ag Ionad Tacaíochta Oideachais Thrá Lí. Cuirfear tacaíochtaí agus ábhar oiliúna ar fáil do scoileanna agus do bhaill foirne chun cuidiú leo clár na bliana seo a fhorbairt agus a sheachadadh.

## Cad iad na gnéithe a bhfuiltear ag leanúint ar aghaidh leo do 2024

I gclár na bliana seo, coimeádtar **ról an Eagraí**, a tháinig in ionad uaireanta ullmhúcháin sna blianta roimhe seo, chun tacú le scoileanna lena bpleanáil agus lena rannpháirtíocht sa Chlár Samhraidh. Freisin, tá ról **Bhainisteoir an Chláir Samhraidh** agus feidhmeanna an róil seo mar an gcéanna den chuid is mó ó na blianta roimhe seo. Tá tuilleadh sonraí curtha ar fáil níos faide ar aghaidh sa treoirdhoiciméad seo. Tá sonraí iomlána maidir leis na róil seo curtha ar fáil i bhForléargas ar Théamaí agus Coinníollacha de chuid Chlár Samhraidh 2024 in Iar-bhunscoileanna atá ar fáil ar www.gov.ie/summerprogramme.

## Cad iad na gnéithe nua do 2024

Mar atá molta ag Cigireacht na Roinne a d'eascair as a gcuid cinntí ó mheastóireacht a dhéanamh ar Chlár Samhraidh 2023, cuireadh roinnt gnéithe nua le dearadh Chlár Samhraidh 2024. Cé go gcoimeádann scoileanna an tsolúbthacht agus an neamhspleáchas chun cláir a dhearadh atá oiriúnach do riachtanais na ndaltaí agus a suíomh oideachais ar leith, tá sé tábhachtach freisin go mbíonn caidreamh ag scoileanna leis na daoine óga iad féin agus lena dtuismitheoirí/caomhnóirí, de réir mar is iomchuí dá n-aois agus dá gcéim forbartha. Chomh maith leis sin, chun tacú leis an leanúnachas i bhfoghlaim na ndaltaí, ba chóir torthaí an chláir do gach duine óg a bheith roinnte go héifeachtach freisin i bhfoirm scríofa leis an scoil agus leis na tuismitheoirí/caomhnóirí go tráthúil. Is iad seo a leanas na gnéithe nua:

1. **Réamhchomhairliúchán le tuismitheoirí/caomhnóirí.** Sula dtosaítear an clár samhraidh, be chóir suirbhé comhairliúcháin réamhchláir a eisiúint chuig na tuismitheoirí/caomhnóirí chun a fháil amach faoi riachtanais tosaíochta foghlama, láidreachtaí agus spéiseanna an duine óig agus faoin gcaoi is fearr a bhféadfaí tacu leis nó léi.
2. **Tuarascáil an Chláir Samhraidh.** Ag deireadh an chláir, ba chóir do bhainisteoir an chláir a sheiceáil go n-ullmhaítear tuarascáil scríofa ghonta de dhul chun cinn gach

dalta. Sa tuarascáil, ba chóir go gcuirfí forléargas achomair ar fáil maidir leis na scileanna agus rath a bhain an dalta amach i rith chlár an tsamhraidh. Ba chóir an tuarascáil seo a chur ar fáil do na tuismitheoirí/caomhnóirí, don mhúinteoir ranga/cheann bliana, agus i gcás inarb infheidhme, ba chóir go mbeadh an tuarascáil san áireamh i gComhad Tacaíochta an Dalta de gach leanbh ar phlean soláthair na scoile.

3. **Machnamh ar Fhoghlaim.** Ba chóir d'eagraithe, bainisteoirí agus múinteoirí an chláir ról ghuth na ndaltaí a chur chun cinn trí phleanáil a dhéanamh le haghaidh plé agus é a éascú roimh ghníomhaíochtaí agus i ndiaidh gníomhaíochtaí araon.

Tá tuilleadh sonraí faoi na gnéithe nua seo curtha ar fáil níos faide ar aghaidh sa treoirdhoiciméad seo.

# Clár samhraidh a fhorbairt

Sa réasúnaíocht, sna haidhmeanna, sa treoir, in ábhar an chláir, agus sna cuir chuige atá leagtha amach sa doiciméad seo, tá sé i gceist go gcuideofar le múinteoirí clár scoilbhunaithe a chur ar fáil chun tacú le leanaí agus le daoine óga chun bogadh ar aghaidh ina gcuid foghlama trí Mhuinín agus Ceangail a Chothú.

## RÉASÚNAÍOCHT A BHAINEANN LE CLÁR SAMHRAIDH A CHUR AR FÁIL

Bíonn dúshláin leanúnacha ag leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu agus iad siúd is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais ina rannpháirtíocht, taithí agus sna torthaí i gcúrsaí oideachais. Bhí cuid mhór díobh inar cuireadh isteach ar a n-oideachas ar bhealach an-suntasach mar gheall ar thionchar Covid-19. Is dócha go mbeidh an tionchar sin níos measa fós mar gheall ar an gcur isteach foghlama a tharlaíonn dóibh de ghnáth le linn laethanta saoire samhraidh na scoile. Molann ECFE (2022)[1] go mbainfeadh córais oideachais leas as na deiseanna uile chun béim ar leith a chur ar **acmhainneacht agus folláine an fhoghlaimeora a neartú** agus aghaidh á tabhairt ar thionchar an chur isteach ar an oideachas mar thoradh ar Covid-19.

## AIDHMEANNA CHLÁR SAMHRAIDH 2024

Tá aidhmeanna an Chláir Samhraidh ag teacht le téama an chláir: **Muinín agus Naisc a Chothú.**

These aims are to:

- Deiseanna a chur ar fáil do dhaltaí chun caidreamh a fhorbairt agus a chothú lena scoileanan, lena múinteoirí agus lena bpiaraí.
- A gcuid réamhfhoghlama a chomhdhlúthú, a n-ullmhacht don fhoghlaim agus, a mhéad agus is féidir, cúlchéimniú san fhoghlaim a laghdú.
- Acmhainneacht agus taithí na folláine a fhorbairt trí mhothú sábháilteachta, socair, nascthachta, féin-éifeachtúlachta agus dóchais a chur chun cinn.

[1] Má théitear i ngleic le bearnaí foghlama anois, laghdófar an cur isteach ar thurais oideachais daltaí/daoine óga | Ceachtanna don Oideachas ó COVID-19: Lámhleabhar Déantóir Beartais le haghaidh Córais Níos Athléimní | Leabharlann ECFE (oecd-ilibrary.org)

- Scileanna agus gnáthaimh a fhorbairt lena chinntiú go n-éiríonn leo aistriú go dtí an chéad chéim eile dá scolaíocht.
- Deiseanna a chur ar fáil chun taitneamh a bhaint as an bhfoghlaim, forbairt scileanna agus súgradh i rith mhíonna an tsamhraidh i dtimpeallacht nach bhfuil chomh foirmiúil sin i gcomparáid le mar a bhíonn acu i rith na scoilbhliana.

## CÉ AR CHÓIR CUIREADH A THABHAIRT DÓIBH PÁIRT A GHLACADH SA CHLÁR SCOILBHUNAITHE?

Tá gach leanbh agus duine óg a fhreastalaíonn ar scoileanna speisialta nó ar ranganna speisialta incháilithe chun páirt a ghlacadh i gClár Samhraidh na scoile. Sna suíomhanna seo, beidh an Clár Samhraidh ar siúl ar feadh idir **dhá** sheachtain agus **ceithre** seachtaine i rith mhí Iúil nó mí Lúnasa agus suas le cúig seachtaine i scoileanna speisialta.

Ba chóir do bhunscoileanna a bhfuil Scéim Bunscoile á reáchtáil acu tús áite a thabhairt do na daltaí sin a bhfuil na riachtanais speisialta oideachais is casta acu, lena n-áirítear daltaí i ranganna speisialta, agus iad ag sannadh áiteanna dá gclár.

**Mura bhfuil Clár Samhraidh á reáchtáil ag scoil nó mura bhfuil áit ar fáil ar chlár scoilbhunaithe nó ar chlár de rogha eile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu, beidh siad in ann iarratas a dhéanamh ar chlár Bailebhunaithe.**

I mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna príomhshrutha, ba cheart do mhúinteoirí riachtanais na ngrúpaí seo a leanas a chur san áireamh agus áiteanna a chur in ord tosaíochta dóibh siúd a bhfuil na riachtanais is mó acu. Ba cheart riachtanais daltaí imirceacha a thagann isteach sa tír tríd an Scéim Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta, a scrúdú freisin mar chuid de phróiseas roghnúcháin 2024. D'fhéadfadh an tábla seo a leanas a bheith úsáideach do scoileanna maidir le tosaíochtaí a bhunú:

| Réimse imní | Leibhéal imní<br><br>Íseal Ard | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
| Daltaí i ranganna speisialta | | | | | |
| Daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu i ranganna príomhshrutha | | | | | |
| Daltaí is mó atá i mbaol míbhuntáiste oideachais | | | | | |

Is féidir na réimsí imní sin a bhriseadh síos níos mó trí úsáid a bhaint as na critéir roghnúcháin a shainaithnítear sa doiciméad Forléargais. Tá an doiciméad Forléargais ar fáil ag https://www.gov.ie/ga/foilsiuchan/clar-samhraidh/

## PARAIMÉADAIR AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Cuirfear an deis ar fáil do na hiar-bhunscoileanna uile clár samhraidh a chur ar fáil. Leis seo, beidh bloc ama ag scoileanna chun caidreamh tábhachtach a chothú le daltaí agus chun ligean do dhaltaí muinín a fhorbairt thar réimse scileanna, agus iad á chumasú dá bhrí sin le bheith i suíomh níos fearr chun aistriú go dtí an chéad bhliain scolaíochta eile. Tá rannpháirtíocht na scoileanna sa scéim ar bhonn deonach.

Meastar gurb é an t-am is fearr leis an gclár samhraidh a sheachadadh ná chomh gar agus is féidir d’athoscailt oifigiúil na scoileanna. Má dhéantar an clár seo a sceidealú díreach roimh thús an téarma acadúil nua de scoilbhliain 2024/2025, cuideoidh sé seo le forbairt a dhéanamh ar an móiminteam den nasc agus caidreamh athbhunaithe a éascaíodh mar thoradh ar a bheith rannpháirteach sa chlár. Ach, tá neamhspleáchas ag na scoileanna an clár a sheachadadh am a oireann don scoil agus ag brath ar bhaill foirne a bheith ar fáil. Ciallaíonn sé seo gur féidir an clár a thairiscint i mí an Mheithimh, mí Iúil nó mí Lúnasa.

Ba chóir an t-am a leithdháiltear a bheith bunaithe ar chlár ama na scoile atá ann cheana féin ó thaobh na n-amanna tosaigh agus críochnaithe gach lá. Ba chóir do mhúinteoirí am a úsáid ag tús agus ag deireadh an lae chun pleanáil agus athbhreithniú a dhéanamh. Ba chóir an t-am a chaitear ar ghníomhaíochtaí éagsúla a bheith solúbtha. Ba chóir an t-am le haghaidh lóin a chur san áireamh sa lá. Sa chomhthéacs seo, ba chóir na daltaí a spreagadh le páirt a ghlacadh agus an bia á ullmhú agus ithe le chéile agus leo siúd atá ag seachadadh an chláir. Cuirfidh sé seo lena mothú folláine agus nascachta sóisialta.

## ÁBHAR AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Maidir le hábhar an chláir a chuirfidh an scoil le chéile, ba cheart é a bheith bunaithe ar théama an chláir i mbliana: **Muinín agus Naisc a Chothú.** Ós rud é gur ar leibhéal na scoile a sholáthraítear an clár, féadfaidh scoileanna a gclár féin a dhearadh i gcomhréir leis an treoirchreat atá curtha i láthair sa doiciméad seo.

Is é an aidhm is tábhachtaí atá leis an gclár samhraidh ar leibhéal na scoile ná a chinntiú go dtabharfar do scoláirí na scileanna a theastaíonn uathu chun gabháil go táirgiúil don téarma scoile nua. I gcomhréir leis na haidhmeanna, sa chlár atá curtha ar fáil, ba chóir iarracht a dhéanamh, chomh fada agus is féidir, aon riosca de chúlú san fhoghlaim a laghdú. Dá bhrí sin, moltar gan an oiread sin béime a leagan ar réimsí ábhair, toisc nach bhfuil sé i gceist leis an gclár seo aon fhoghlaim a d’fhéadfaí a chailleadh ar fud an churaclaim a mhaolú. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar dheiseanna a thabhairt do scoláirí páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí traschuraclaim de chineál tionscadail, i réimsí ar nós ceol, ealaín, spórt, etc., agus béim ar leith á leagan ar chur le muinín na scoláirí as a gcuid foghlama.

Tá an treoir sa doiciméad seo ceaptha chun a bheith ina creat nó ina liosta roghanna. Is féidir ábhar molta an chláir samhraidh a tharraingt ó na sé chomhpháirt seo a leanas, ar aon dul le riachtanais tosaíochta na scoláirí agus le hacmhainní na scoile:

A. Folláine
B. Úsáid teicneolaíochta
C. Ag foghlaim conas foghlaim a dhéanamh
D. Ábhar acadúil
E. Cuir chuige teagaisc

### A. FOLLÁINE

#### Tuiscint ar SHÁBHÁILTEACHT a chur chun cinn

Cuidíonn cur chun cinn na sábháilteachta le leanaí agus le daoine óga a chreidiúint go bhfreastalófar ar a gcuid riachtanas anois agus amach anseo agus go gcosnófar iad ó dhíobháil.

Is féidir leis an méid seo a leanas cabhrú le tuiscint ar shábháilteacht a chur chun cinn:

- Cruthaíonn gnáthaimh braistint sábháilteachta trí intuarthacht a chur ar fáil. Trí ghnáthaimh a bhunú, cuirfear le timpeallacht foghlama atá sábháilte agus socair agus tabharfar braistint slándála do leanaí agus do dhaoine óga.
- Moltar tús a chur le gníomhaíochtaí foghlama a bhfuiltear ar an eolas fúthu agus athbhreithniú a dhéanamh orthu sula dtugtar isteach ábhair nua de réir a chéile.
- Ba chóir go ndíreofaí ar ghnáthaimh choitianta a chomhdhlúthú maidir le tinreamh scoile agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí foghlama chun braistint sábháilteachta a éascú don pháiste nó don duine óg.

### Tuiscint ar mhothú SUAIMHNEACH a chur chun cinn

Is gné bhunúsach den fholláine é an cumas sinn féin a shuaimhniú agus ár mothúcháin a rialáil. A mhéad agus atáimid rialaithe agus suaimhneach, is ea is mó is féidir linn smaoineamh, pleanáil, dul i ngleic agus foghlaim a dhéanamh agus is amhlaidh is lú a mhothóimid faoi strus. Cuidíonn páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí taitneamhacha agus scíth a ligean le strus a laghdú.

Is féidir leis an méid seo a leanas cabhrú le mothú suaimhneach a chur chun cinn:

- D'fhéadfadh gníomhaíochtaí cosúil le ham ciorcail, seisiún grúpa beag, ealaín agus ceol tacú le leanaí a bheith ag mothú suaimhneach.
- Tá eispéiris leanaí agus daoine óga le dhá bhliain anuas uathúil agus éagsúil. D'fhéadfadh roinnt acu a n-imní a chur in iúl ó bhéal, d'fhéadfadh daoine eile tarraingt siar nó iompraíochtaí dúshlánacha a bheith acu. Tá sé tábhachtach a aithint agus a admháil gur féidir a bheith ag súil le raon leathan frithghníomhuithe agus is gnáth-fhrithghníomhuithe iad seo ar imeachtaí neamhghnácha.
- Deasghnátha rialta a bhunú laistigh den lá e.g. beannachtaí agus slán a fhágáil, gníomhaíochtaí rialála agus aistrithe idir gníomhaíochtaí.
- Córais amhairc a úsáid chun iompraíochtaí a bhfuiltear ag súil leo a chur in iúl e.g. ag bogadh timpeall na scoile, córais aontreo. Bain úsáid as comharthaí amhairc agus cloisteála chun cabhrú le hullmhú d'aistrithe e.g. ceol le haghaidh sosanna lóin, amadóirí comhairimh síos chun an obair a chríochnú.
- Breithniú a dhéanamh ar bhealaí chun timpeallacht shuaimhneach a chruthú sa seomra ranga ina n-úsáidtear, mar shampla, soilsiú, ceol, réada ar nós pluideanna, cúisíní, bréagáin chéadfacha etc.
- Spásanna sábháilte a chruthú laistigh agus lasmuigh den seomra ranga chun cabhrú le páistí rialáil a dhéanamh, mar shampla, coirnéil shocair, pubaill, spásanna scíthe, seomraí céadfacha etc.
- Is féidir leis an deis chun dul i mbun gníomhaíochtaí rithimeacha ciúin cosúil le siúl, nó ióga a bheith suaimhneach do roinnt leanaí agus daoine óga.

### Mothú NASCACHTA SÓISIALTA a chur chun cinn

Is éard atá i gceist le nascacht shóisialta a chur chun cinn caidreamh a bheith agat le daoine eile (duine aonair nó grúpaí) a thuigeann thú agus a thacaíonn leat. Trí naisc agus

caidreamh a chothú le múinteoirí agus le piaraí, cuirtear bonn ar fáil don rannpháirtíocht, don fholláine mhothúchánach agus don ullmhacht chun foghlama.

Is féidir leis an méid seo a leanas cabhrú le mothú nascachta sóisialta a chur chun cinn:

- Ba chóir go dtógfadh múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta an t-am chun dea-chaidreamh a chothú le leanaí agus le daoine óga trí fháilte mhór a chur rompu chuig an gclár, éisteacht leo agus a chur in iúl dóibh go bhfuil siad ann chun tacú leo.
- Gné riachtanach de Chlár Samhraidh 2024 is ea deiseanna a chruthú do leanaí agus do dhaoine óga le dul i ngleic le gníomhaíochtaí cruthaitheacha, spraíúla, ardtosaíochta mar aon le múinteoirí agus Cúntóirí Riachtanas Speisialta agus leanaí agus daoine óga eile. Is féidir díriú ar scileanna tábhachtacha sóisialta agus saoil mar chuid den obair chéanna.
- Níos mó gníomhaíochtaí oibre grúpa a eagrú ná mar a d'fhéadfaí a dhéanamh de ghnáth le linn an téarma.
- Tacú le páistí cairdeas a chruthú trí go leor gníomhaíochtaí struchtúrtha grúpa a chur ar fáil laistigh den rang agus le linn amanna sosa.

## Tuiscint ar ÉIFEACHTÚLACHT ionat FÉIN AGUS sa PHOBAL a chur chun cinn

Is é féin-éifeachtúlacht an creideamh gur féidir leat a dhéanamh cad is gá duit a dhéanamh, déileáil le dúshláin agus amanna diana a láimhseáil. Is é éifeachtúlacht an phobail an creideamh gur féidir leis an bpobal scoile lena mbaineann tú a dhéanamh cad a chaithfidh sé a dhéanamh chun a bheith rathúil agus aire a thabhairt dá bhaill. Má mhothaíonn tú go mbaineann tú le pobal atá tacúil, is féidir leis seo an fholláine a chosaint agus a chur chun cinn.

Is féidir leis an méid seo a leanas cabhrú le tuiscint ar éifeachtúlacht ionat féin agus sa phobal a chur chun cinn:

- Ba cheart gníomhaíochtaí foghlama a chur in oiriúint do riachtanais, a bheith nasctha le hábhair spéise, a bhfuil straitéisí teagaisc mar bhonn taca leo a chuireann stíleanna foghlama agus riachtanais aonair san áireamh agus a chuireann ar chumas leanaí agus daoine óga taithí a fháil ar rath. Feabhsóidh aiseolas dearfach, spreagadh agus dearbhú a n-éifeachtúlacht féin. Tacaíonn sé seo le folláine, agus cuireann sé leis an nascacht leis an bhfoghlaim agus leis an scoil.
- Tabhair neart deiseanna do leanaí a bheith ag súgradh. Is é an súgradh 'obair an linbh' agus tugtar deiseanna ann do leanaí a gcuid mothúchán a chur in iúl agus déileáil leo. D'fhéadfadh roinnt leanaí déileáil le heispéiris arís trí shúgradh nó trína n-idirghníomhaíochtaí le daoine eile. Cuir deiseanna ar fáil dóibh páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí cruthaitheacha trí cheol/spórt/drámaíocht.
- Cur le láidreachtaí leanaí, rogha a chur ar fáil agus a roghanna a chur san áireamh agus gníomhaíochtaí á bpleanáil acu.
- Déan iarracht rogha éigin a chur ar fáil ina lá, e.g. suíocháin, gníomhaíochtaí, jabanna. Ceadaigh solúbthacht maidir le conas is féidir leo idirghníomhú le hábhair foghlama.
- Cabhróidh straitéisí teagaisc chun mothúcháin a rialáil agus imní a bhainistiú le leanaí agus le daoine óga déileáil le haon ábhair imní agus ábhair bhuartha a

d'fhéadfadh a bheith acu faoin scoil. Beidh an bhéim anseo ag brath ar riachtanais aonair agus bunaithe ar thaithí aonair. Ba cheart go dtógfadh an obair chun tacú le leanaí agus daoine óga chun mothúcháin a rialú agus imní a bhainistiú ar an obair a rinneadh roimhe seo chun tacú leo mar a shonraítear ina bplean tacaíochta scoile.

- Braistint pobail a fhorbairt trí chur ar chumas leanaí agus daoine óga ról gníomhach a ghlacadh sa rang trí iad a chur san áireamh i bpleanáil agus i gcur i gcrích gníomhaíochtaí taitneamhacha grúpa (e.g. Ealaín, Drámaíocht, Corpoideachas).

### Tuiscint DÓCHAIS a chur chun cinn

Baineann tuiscint dóchais le teacht aniar a chothú agus leis an ionchas go n-oibreoidh rudaí amach do leanaí agus do dhaoine óga i bpobal na scoile. Is féidir leis an méid seo a leanas cabhrú le tuiscint dóchais a chur chun cinn:

- Ba chóir do mhúinteoirí leanaí agus daoine óga chur ar a suaimhneas le teachtaireachtaí suaimhneacha, dóchasacha faoin méid atá á dhéanamh ag an scoil, ag múinteoirí agus ag daoine eile chun áit shábháilte agus shona a dhéanamh de phobal na scoile.
- Ba chóir machnamh dearfach ar rudaí a thaitin le páistí agus daoine óga le linn an Chláir Shamhraidh féin a spreagadh. Is féidir le caint faoi na samplaí acmhainneachta seo a bheith ina leigheas agus ina bhfaoiseamh.
- Supportive engagement with routines with an emphasis on fun, high-preference learning activities can help shift the focus away from any feelings of distress and allow children and young people to enjoy the present moment and look forward with optimism.
- Beidh scaradh struchtúrtha, intuartha ó thuismitheoirí/cúramóirí i gceist le rannpháirtíocht leanaí agus daoine óga sa Chlár Samhraidh agus cuideoidh sé chun iad a ullmhú dá n-aistriú i mí Mheán Fómhair. Is féidir le rannpháirtíocht thacúil le gnáthaimh agus béim ar ghníomhaíochtaí foghlama spraíúla ardtosaíochta cuidiú leis an bhfócas a athrú ó mhothúcháin anacair ar bith agus ligean do leanaí agus do dhaoine óga taitneamh a bhaint as an nóiméad seo agus a bheith ag súil leis an todhchaí le dóchas.
- Deireadh an lae a chomóradh ina dtugtar aitheantas ar iarracht, ar an dul chun cinn agus ar a bheith ag súil le dul chun cinn leanúnach.

Ba chóir do mhúinteoirí cur chuige solúbtha agus leanbhlárnach a ghlacadh agus clár á phleanáil do leanaí agus do dhaoine óga rannpháirteacha. Dá bhrí sin, tá sé fíorthábhachtach go gcuirfeadh pleanáil an chláir le láidreachtaí, le leasanna agus le riachtanais tosaíochta gach linbh atá páirteach trí **chomhoibriú le tuismitheoirí** agus **trí ghuth an linbh a chumasú.**

Sa chás ina bhfuil leanaí agus daoine óga ag aistriú chuig suíomh nua oideachais, ba cheart go ndíreofaí go sonrach ar thacaíocht don aistriú laistigh de phlean tacaíochta an Chláir Shamhraidh.

## B. TEICNEOLAÍOCHT

D'fhéadfadh roinnt leanaí agus daoine óga a bhfuil riachtanais speisialta oideachais chasta acu úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí agus gléasanna cúnta ar nós méarchláir de roghanna eile, bogearraí aitheanta gutha, monatóireacht a dhéanamh ar bhogearraí formhéadúcháin agus roghanna téacs le labhairt, chun iad a chothabháil, nó chun cabhrú leo foghlaim, cumarsáid agus idirghníomhú a dhéanamh. Agus teagmháil á déanamh le leanaí agus le daoine óga timpeall an Chláir Shamhraidh, féadfaidh teicneolaíochtaí agus gléasanna cúnta cabhrú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais chasta oideachais acu tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le foghlaim (e.g. ríomhaire glúine a úsáid chun taighde a dhéanamh, úsáid a bhaint as seiceáil litrithe, as bogearraí léitheoireachta téacs nó as bogearraí aitheanta urlabhra, chun cleachtadh agus deiseanna comhdhlúthaithe a chur ar fáil).
- Tacú le haistrithe chuig suíomhanna iar-bhunscoile (e.g. féilirí, sceidil, aláraim, aipeanna eagraíochtúla).
- Cumarsáid tacaíochta (e.g. bogearraí éagsúla, aipeanna teachtaireachtaí).
- Deiseanna sóisialta a mhéadú (e.g. aipeanna meán sóisialta).
- Strus a laghdú (e.g. seinnteoirí ceoil, aipeanna suaimhneacha).
- Tacú le leasanna áineasa (e.g. taighde a dhéanamh ar réimsí spéise an duine aonair).
- Comhráite a aistriú go máthairtheanga/ó mháthairtheanga an dalta áit a bhfuil sé/sí ag tosú ag foghlaim Béarla mar theanga bhreise.

Is é is dóichí go mbeidh gá le daltaí a scilbhisiú maidir le húsáid na teicneolaíochta chun tacú lena bhfoghlaim. Príomháisitheoir rannpháirtíochta san oideachas is ea a chinntiú go bhfuil na scileanna digiteacha riachtanacha ag daltaí chun leanúint ar aghaidh ina gcuid foghlama agus is toradh ríthábhachtach é den chlár samhraidh seo. B'fhéidir go mbeidh ionchuir ar an tsábháilteacht ar líne de dhíth ar dhaltaí freisin.

Ar an gcéad dul síos, is gá do mhúinteoirí atá ag seachadadh an chláir seo measúnú a dhéanamh ar na réimsí ina bhfuil an tacaíocht is mó ag teastáil ó dhaltaí ó thaobh foghlaim a dhéanamh go digiteach d'fhonn an bhearna dhigiteach a dhúnadh a oiread agus is féidir.

Do roinnt daltaí, is dúshlán é ardáin foghlama ar líne a bhainistiú. B'fhéidir go mbeidh oiliúint sa bhreis ag teastáil ó dhaltaí maidir le conas an úsáid is fearr a bhaint as gléasanna digiteacha. B'fhéidir go mbeidh ar roinnt daltaí foghlaim a dhéanamh faoi conas a bhealach a dhéanamh ar ardán foghlama na scoile le bheith oilte leordhóthanach le bheith in ann rochtain a dhéanamh ar thascanna, obair chríochnaithe a uaslódáil, cumarsáid a dhéanamh lena múinteoirí, dul i ngleic le ceachtanna ar líne agus teagmháil a dhéanamh piaraí.

I roinnt scoileanna, ta clár ceannaireachta digiteach do dhaltaí ag feidhmiú, ina dtacaíonn daltaí a bhfuil scileanna teicniúla an-mhaith acu le comhdhaltaí chun a gcuid scileanna féin a fhorbairt. Is fiú breithniú a dhéanamh ar an bhforbairt ar a leithéid de chórais tacaíochta piaraí mar chuid den chlár seo má tá sé seo indéanta.

Ba chóir a oiread deiseanna agus is féidir a chur ar fáil do dhaltaí chun dul i ngleic le teicneolaíocht dhigiteach ar bhealach fiúntach síos tríd an gclár. Ba chóir tascanna a chur le chéile lena chinntiú go gcleachtann daltaí idirghníomhaíochtaí digiteacha éagsúla lena n-áirítear ábhar atá dírithe ar idirghníomhaíocht an dalta aonair, ábhar atá dírithe ar idirghníomhaíocht idir an dalta agus an múinteoir, agus ábhar atá dírithe ar idirghníomhaíocht idir daltaí.

## C. AG FOGHLAIM CONAS FOGHLAIM A DHÉANAMH

Chun tacú le leanaí agus le daoine óga ar cuireadh isteach orthu i dtaobh leanúnachas a gcuid foghlama, beidh sé an-tábhachtach do mhúinteoirí díriú ar na scileanna a bhaineann le foghlaim conas foghlaim a dhéanamh.

San áireamh sna moltaí chun tacaú le leanaí agus le daoine óga a bhfuil riachtanais bhreise acu nó atá is mó i mbaol míbhuntáiste oideachais i rith an Chláir Samhraidh, tá an méid seo a leanas:

- Ag obair chun gnáthaimh a dhaingniú a chuidíonn le go n-éireoidh le leanaí agus le daoine óga i ngnáthshaol na scoile.
- Ag tógáil ar scileanna sóisialta agus straitéisí féinrialaithe do chomhthéacs na scoile.
- Ag díriú ar scileanna tascanna agus eagrúcháin éifeachtacha a fhorbairt.
- Scileanna agus cuir chuige chumarsáide a threisiú lena chinntiú gur féidir le leanaí agus le daoine óga roghanna a chur in iúl agus a gcuid tuairimí a thabhairt.
- Machnamh a dhéanamh ar éachtaí san am atá thart (go háirithe iad siúd a bhfuil taifeadadh déanta orthu i gcomhaid tacaíochta na ndaltaí, más bainteach) agus ar an dóigh ar gnóthaíodh na héachtaí sin chun tuiscint níos fearr a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga ar na dea-straitéisí atá ann cheana féin.
- Úsáid na straitéisí meiteachognaíocha a shamhaltú trí dheiseanna a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga chun labhairt faoi conas atá siad ag foghlaim, cad é an rud a chabhraíonn leo an fhoghlaim is fearr a dhéanamh agus deiseanna a thabhairt dóibh chun an fhoghlaim a chur i láthair ar bhealaí éagsúla.
- Daltaí a theagasc conas a gcuid foghlama a eagrú agus a bhainistiú go neamhspleách trí chleachtas treoraithe.
- Beidh sé an-tábhachtach sa chlár daltaí a spreagadh chun díriú ar scileanna litearthachta a fheabhsú agus is féidir é seo a dhéanamh trí aon tasc a thugtar do dhaltaí.
- Tá sé ríthábhachtach scileanna uimhearthachta daltaí a fhorbairt chun feabhas a chur ar a dtorthaí i raon leathan de réimsí ábhair. Dá bhrí sin, tá sé tábhachtach comhpháirt uimhearthacha láidir a chinntiú, go hidéalach i gcomhpháirteanna traschuraclaim, sa chlár.

## D. ÁBHAR ACADÚIL

Is féidir go measfar gur riachtanais acadúla go príomha iad na riachtanais foghlama tosaíochta atá ag roinnt daltaí. Is féidir straitéisí a chur i bhfeidhm chun cabhrú le scoláirí den sórt sin teacht suas le hábhar acadúil, i gcás go mbeidh acmhainní ar fáil. Moltar do mhúinteoirí na comhpháirteanna eile, ar nós straitéisí digiteacha, scileanna litearthachta nó uimhearthachta, agus scileanna a bhaineann le foghlaim conas foghlaim, a chomhtháthú isteach i réimsí ábhair. Trí chur chuige traschuraclaim den sórt sin a ghlacadh, tacófar le cuid mhór de na riachtanais atá ag daltaí de dheasca caillteanas foghlama. Tá sé tábhachtach a chur in iúl go soiléir, áfach, nár cheart an clár samhraidh a dhearadh ar bhonn ábhair acadúil agus ar an mbonn sin amháin. I gcás go mbeidh an clár bunaithe ar roinnt ábhair acadúil, ba cheart béim ar thaitneamh a bhaint as an bhfoghlaim agus ar fholláine scoláirí a chur san áireamh i bparaiméadair an chláir. Léirítear san fhianaise a soláthraíodh ó thaighde ar chláir samhraidh roimhe go raibh ceangal ann idir barraíocht béime ar ábhar acadúil agus laghdú ar rannpháirtíocht agus tinreamh daltaí.

## E. CUIR CHUIGE TEAGAISC

Agus an clár á chur le chéile, beidh na cuir chuige oideolaíocha éifeachtacha lárnach chun tacú le leanaí agus le daoine óga le go n-éireoidh leo agus go mbeidh rath orthu.

Treoirlínte do chuir chuige teagaisc éifeachtacha:

- Bain úsáid as cuir chuige teagaisc struchtúrtha fhísiúla, lena n-áirítear sceidil, chun cuidiú le tuiscint a fháil ar struchtúr agus ord an lae.
- Dírigh ar an bhfoghlaim bunaithe ar shúgradh agus ar ghníomhaíochtaí.
- Úsáid timpeallachtaí lasmuigh.
- Dírigh ar ghníomhaíochtaí teanga bhéil.
- Sainaithin go soiléir riachtanais na leanaí agus na ndaoine óga.
- Soláthair intinntí foghlama soiléire agus am le machnamh ar dhéanamh ar an bhfoghlaim.
- Tacaigh le forbairt eolais agus scileanna.
- Cuir in iúl do leanaí agus do dhaoine óga ní hamháin go sé inghlactha botún a dhéanamh ach is céim bhunúsach í i bpróiseas na foghlama éífeachtaí.
- Cuir ceisteanna oscailte.
- Cuir am feithimh ar fáil chun smaoineamh ar cheisteanna agus chun ceisteanna a fhreagairt.
- Bain úsáid as eagraithe grafacha agus meabhairmhapaí.
- Bain úsáid as teicneolaíocht nuair is féidir agus nuair is iomchuí é.
- Cuir deiseanna ar fáil don leanbh nó don duine óg oibriú i gcomhar le piaraí i suíomh digiteach.
- Cuir deiseanna rialta ar fáil chun tacú leis an bhfeabhas i bhforbairt na teanga béil trí dheiseanna a sholáthar do leanaí agus do dhaoine óga chun a gcuid foghlama a chomhroinnt agus chun dul i ngleic ar bhealach fiúntach le caint agus le plé.
- Deiseanna a chur ar fáil chun tabhairt faoi fhoghlaim neamhspleách.
- Aiseolas a chur ar fáil go rialta chun an leanbh nó an duine óg a spreagadh.
- Úsáid a bhaint as tráthanna na gceist agus comórtais chun an spreagadh a chothú ionas go mbeidh an fhoghlaim spraíúil.
- Deiseanna a chur ar fáil do na leanaí agus do na daoine óga chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama roimh agus i ndiaidh gníomhaíochtaí agus chun iad a thabhairt le chéile.

Beidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí agus acmhainní don Chlár Samhraidh ar fáil ag an nasc seo https://ncse.ie/summer-programme ar shuíomh gréasáin an CNOS tar éis sheimineár gréasáin oiliúna na faisnéise do mhúinteoirí.

### Éascaitheoirí Seachtracha /Aoichainteoirí

Is féidir ról a bheith ag éascaitheoirí seachtracha a úsáid chun cur, teacht agus tacú le cur chuige pleanáilte le clár a sheachadadh lena n-áirítear an fholláine a chur chun cinn. Má bhaintear úsáid

as aoichainteoirí nó cuairteoirí ar an gClár Samhraidh, beidh gá le cloí le Ciorclán 0042/2018. B'fhéidir go mbeidh ar bhainisteoir an chláir faomhadh an Bhoird Bhainistíochta a lorg sula dtugtar cuireadh d'aoichainteoir isteach sa scoil agus a chinntiú go bhfuil na nósanna imeachta iomchuí maidir le Cosaint Leanaí agus gur comhlíonadh grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána. Sula dtugann aoichainteoir cuairt ar an scoil, cinntigh gur léigh sé/sí ráiteas do scoile um chosaint leanaí.

# Na Príomhróil chun Clár Samhraidh a sheachadadh

## EAGRAÍ AN CHLÁIR SAMHRAIDH

In 2024, in ionad uaireanta ullmhúcháin, beidh ról tiomnaithe ag Eagraí Scoile i ngach scoil a chuireann an Clár Samhraidh ar fáil.  Gheobhaidh an tEagraí Scoile luach saothair breise as a ról. Meastar gur príomhról ceannaireachta é seo a chuirfidh deiseanna forbartha ar fáil do bhaill foirne sna scoileanna. I scoileanna speisialta, meallfaidh an ról seo luach saothair breise mar aitheantas ar na castachtaí a bhaineann leis an gclár a eagrú sa timpeallacht sin. Forbróidh an tEagraí Scoile i ngach scoil Clár Samhraidh na scoile agus beidh sé/sí freagrach as foireann a earcú. Mar chuid den chlár píolótach i scoileanna speisialta, beidh tacaíocht an Chomhordaitheora Náisiúnta ag an Eagraí Scoile, ina leith sin.

Beidh comhoibriú ag teastáil idir an tEagraí agus Bainisteoir Chlár Samhraidh na scoile sula gcuirfear tús le gach scéim chun tacú le soláthar an Chláir Samhraidh sa scoil. Tá an t-aistriú dualgas seo chuig Bainisteoir an Chláir Samhraidh ag teastáil mar chuid d'obair ullmhúcháin an Eagraí.

## BAINISTEOIR AN CHLÁIR SAMHRAIDH

Ní mór do gach scoil Bainisteoir Clár Samhraidh amháin a cheapadh chun an clár samhraidh a bhainistiú. Is é ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh an clár samhraidh a bhainistiú/ maoirseacht a dhéanamh air agus ní mór dóibh a bheith i láthair sa scoil ar feadh thréimhse iomlán an chláir chun déileáil le haon saincheisteanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Tá ról an Chlárbhainisteora Samhraidh ríthábhachtach maidir le torthaí rathúla a chinntiú do rannpháirtithe.

Tá tuilleadh sonraí maidir le ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh ar fáil san Fhorléargas ar Théarmaí agus ar Choinníollacha de chuid Chlár Samhraidh 2024 in Iar-bhunscoileanna. Is féidir le haon mhúinteoir buan nó múinteoir ar théarma seasta, lena n-áirítear an príomhoide agus/nó Eagraí an Chláir Samhraidh sa scoil rannpháirteach, an ról seo a ghlacadh.

Ag deireadh an chláir, ní mór do Bhainisteoir an Chláir Samhraidh a chinntiú go gcuirtear **tuairisc scríofa ghonta** ar dhul chun cinn an linbh nó an duine óig ar fáil do gach tuismitheoir agus go gcoinnítear í sa scoil freisin. Tá cur síos mionsonraithe ar ról Bhainisteoir an Chláir Samhraidh curtha ar fáil i gCuid 4 den Fhorléargas ar Chlár Samhraidh 2024 do Bhunscoileanna Príomhshrutha.

## RÓL NA MÚINTEOIRÍ

Go hidéalach, gheobhaidh scoileanna a bhfuil an Clár Samhraidh á thairiscint acu cúnamh ó rannpháirtíocht múinteoirí a bhfuil cur amach acu ar riachtanais na leanaí nó na ndaoine óga atá i láthair. Sa chás go bhfuil an taithí sin ag múinteoirí, beidh sé níos éasca dóibh tosaíochtaí

foghlama a bhunú atá ag teacht le pleananna tacaíochta atá ann cheana féin agus atá dírithe ar naisc leis an scoil a chothabháil agus a dhaingniú. Sa chás go bhfostaítear múinteoirí eile, ba chóir do mhúinteoirí rochtain a lorg ar an bplean tacaíochta is déanaí don leanbh nó don duine óg chun cabhrú le tosaíochtaí foghlama a bhunú. Ba chóir do mhúinteoirí taifead a choinneáil ar ábhar agus ar scileanna a mhúintear le linn an Cláir Shamhraidh agus é seo a úsáid chun cur leis an tuairisc scríofa ghonta a chur i gcrích ag deireadh an chláir.

## RÓL CÚNTÓIRÍ RIACHTANAS SPEISIALTA (CRSANNA)

Nuair is féidir, ba cheart do scoileanna a bhfuil an Clár Samhraidh á thairiscint acu iarracht a dhéanamh rannphpáirtíocht Cúntóirí Riachtanas Speisialta a bhfuil cur amach acu ar na leanaí agus na daoine óga a bheidh ag freastal ar an gclár scoilbhunaithe a chinntiú. Ba chóir go leanfadh róil agus dualgais na gCúntóirí Riachtanas Speisialta le linn an Chláir Samhraidh de bheith ag teacht leis na róil atá leagtha amach i bpolasaí Riachtanas Speisialta Oideachas (RSO) na scoile agus go léireoidís na pleananna cúraim atá ann cheana féin do na leanaí agus daoine óga. Ba cheart béim ar leith a leagan ar fhreastal ar riachtanais sláinte agus cúraim agus ar neamhspleáchas a chothú.

## SUIRBHÉ RÉAMHCHLÁIR

Roimh thús a chur le clár samhraidh, ba chóir **suirbhé réamhchláir** a eisiúint chuig múinteoirí, leanaí agus a dtuismitheoirí/a gcaomhnóirí chun a fháil amach faoi riachtanais foghlama tosaíochta, láidreachtaí agus spéiseanna an linbh agus an duine óig agus conas is féidir an tacaíocht is fearr a thabhairt dóibh. I roinnt cásanna, b’fhéidir go mbeidh bealaí eile ag teastáil ó leanaí nó ó dhaoine óga a bhfuil riachtanais bhreise shuntasacha acu chun gcuid spéiseanna, láidreachtaí agus riachtanais foghlama a chur in iúl. Ba chóir go mbeadh múinteoirí in ann an tacaíocht a chur in oiriúint trí Plean Tacaíochta Clár Samhraidh a chur le chéile. Ba chóir breithniú a dhéanamh ar phríomhghnéithe den litearthacht agus den uimhearthacht a chur san áireamh sa phlean in éineacht le tacaíochtaí don fhorbairt shóisialta agus do ghníomhaíochtaí taitneamhacha síos trí réimsí éagsúla eile den churaclam. Ba chóir go mbeifí in ann tabhairt faoi dhúshlán agus faoi chur i láthair an phlean go réadúil laistigh de thréimhse ama ghearr an chláir.

## TUAIRISC AR AN DUL CHUN CINN

Ag deireadh an chláir, ba chóir do bhainisteoir(í) an chláir a chinntiú go n-ullmhaítear **tuairisc scríofa ghonta** ar dhul chun cinn gach linbh. Ba chóir forléargas achomair a bheith sa tuairisc maidir leis an méid seo a leanas:

- scileanna agus éachtaí a bhain an leanbh/duine óg amach i rith an chláir samhraidh
- aon dúshláin ar leith a bhí roimh an leanbh i rith an chláir samhraidh agus conas a sháraigh an leanbh na dúshláin seo
- conas a úsáideann múinteoirí an t-eolas seo chun cuidiú leis an leanbh sa chéad scoilbhliain eile.

Ba chóir an tuairisc seo a chur ar fáil do thuismitheoirí ag deireadh an Chláir Samhraidh agus í a chur ar fáil dá m(h)úinteoir ranga. I gcás inarb infheidhme, ba chóir an tuairisc a chur isteach freisin i gComhad Tacaíochta na nDaltaí de gach leanbh nó duine óg ar phlean soláthair na scoile tar éis dóibh a bheith rannpháirteach sa chlár samhraidh. **Tá sampla de theimpléad tuairisce leis an tuairisc scríofa seo a sholáthar ar fáil in Aguisín A.**

Má tá leanbh nó duine óg ag aistriú go dtí scoil eile, ba chóir do na tuismitheoirí/caomhnóirí an t-eolas seo a choinneáil agus an t-eolas a chur ar fáil dá m(h)úinteoir ranga nuair a tharlaíonn an t-aistriú. Cuideoidh sé seo le cur le pleanáil oideachais sa todhchaí do bhliain acadúil 2024/2025.

## ROL GHUTH AN LINBH NO AN DUINE OIG

Agus leanaí nó daoine óga rannpháirteach i spriocanna foghlama a leagan síos agus monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn a dhéanann siad, is féidir iad a chumhachtú agus a spreagadh leis seo. Ba chóir na leanaí agus na daoine óga a thugann faoin gclár a spreagadh go gníomhach chun a riachtanais foghlama a chur in iúl agus measúnú a dhéanamh ar an dul chun cinn atá déanta acu. Tá an cur chuige seo i gcomhréir le cur chuige ceartabhunaithe Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CNACL) ina mbeidh baint ag leanaí agus ag daoine óga i gcinntí a mbíonn tionchar acu orthu, agus prionsabail Shamhail Lundy um Rannpháirtíocht. D'fhéadfadh deacrachtaí teanga agus cumarsáide a bheith ag roinnt leanaí agus daoine óga; dá bhrí sin, tá sé tábhachtach modhanna iomchuí a úsáid chun cur ar a gcumas a dtuairimí a chur in iúl agus a n-ionchur a chur ar fáil (e.g. úsáid tacaíochtaí amhairc, cláir rogha, teicneolaíocht chúnta). Trí chur chuige leanbhlárnach a ghlacadh a chuireann an duine aonair i gcroílár na pleanála oideachais, cuidítear lena chinntiú go dtugtar aghaidh ar a sainriachtanais foghlama agus folláine. Leis an bpróiseas seo, is féidir guth an linbh nó an duine óig a chur san áireamh sa phróiseas pleanála agus cinnteoireachta maidir lena gconair tríd an oideachas.

San áireamh sna hacmhainní atá ar fáil ar an ngréasán a bheadh úsáideach i dtaca leis seo, tá an méid seo a leanas:

- Samhail Lundy um Rannpháirtíocht
- Creat Náisiúnta do Rannpháirtíocht Leanaí agus Daoine Óga i gCinnteoireacht
- Tacar Rannpháirtíochta an Linbh agus na hÓige de chuid Tusla
- Tionscnamh na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige Ár nGuthanna Ár Scoileanna

Agus caidreamh á bhunú le leanaí agus le daoine óga faoin gClár Samhraidh, ba chóir do scoileanna éisteacht leis an ionchur a dhéanann siad sa mhéid seo a leanas:

- Na gníomhaíochtaí* ina mbíonn siad rannpháirteach
- Nádúr agus leibhéal thacaíocht na ndaoine fásta
- Úsáid na teicneolaíochta chun tacú leis an bhfoghlaim
- Gnéithe sóisialta dá gcuid oideachais (an chaoin ina mothaíonn siad a bhainistiú, aistriú nó athrú a bhainistiú)
- Ba chóir aiseolas rialta a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga maidir leis an dul chun cinn a dhéanann siad i rith ghníomhaíochtaí an Chláir Samhraidh.

*Mar atá molta ag Cigireacht na Roinne ag eascairt as a cinntí ó chigireachtaí agus as na cuairteanna leantacha a rinneadh in 2023, ba chóir d'eagraithe, bainisteoirí agus múinteoirí an chláir pleanáil agus éascú a dhéanamh ar phlé maidir leis an bhfoghlaim roimh nó i ndiaidh gníomhaíochtaí. D'fhéadfadh, mar shampla, plé a dhéanamh faoi cad ba mhaith leis na leanaí agus daoine óga a fhoghlaim sula dtéann siad ar turas nó sula dtéann siad i mbun gníomhaíochta, a bheith i gceist leis seo; ag labhairt faoi na scileanna a d'fhorbair na leanaí agus na daoine óga ag deireadh an lae agus breithniú a dhéanamh ar cad iad na scileanna breise ba

mhaith leo a fhorbairt. Tá roinnt ceisteanna noda a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid chun tacú leis an machnamh seo roimh agus i ndiaidh gníomhaíochtaí curtha ar fáil in **Aguisín B**.

### RÓL RANNPHÁIRTÍOCHT TUISMITHEOIRÍ

Bíonn éifeachtaí láithreacha agus fadtéarmacha ag an mbaint a bhíonn ag tuismitheoirí agus ag a rannpháirtíocht le foghlaim a leanaí agus ag an gcaidreamh láidir idir an baile agus an scoil ar ghnéithe ar nós iompar leanaí, ar a bhforbairt shóisialta agus mhothúchánach agus ar an taitneamh a bhaineann siad as an scoil. Ba chóir do chláir samhraidh, dá bhrí sin, córais a chur i bhfeidhm chun rannpháirtíocht éifeachtach tuismitheoirí a spreagadh roimh an gclár, i rith an chláir agus ina dhiaidh ar bhealach nach gcuirtear an iomarca éileamh ar thuismitheoirí, leanaí nó eagraithe, ar bhainisteoirí nó ar mhúinteoirí an chláir.

Le haghaidh chlár samhraidh 2024, iarrtar ar na heagraithe agus bainisteoirí uile breithniú a dhéanamh ar na modhanna is iomchuí agus is praiticiúla maidir leis an méid seo a leanas:

- Eolas a bhailiú ó thuismitheoirí faoi láidreachtaí, spéiseanna agus riachtanais a linbh sula dtosaíonn an clár
- A chur in iúl go han-soiléir do thuismitheoirí faoin luach a bhaineann le tabhairt faoina leithéid de chlár dá leanbh.
- A bheith san airdeall ar thuismitheoirí a bhfuil an Béarla mar theanga bhreise dóibh agus iarracht a dhéanamh chun tacú lena riachtanais chumarsáide.
- Athdhearbhú dearfach a chur ar fáil gur fíordheis í a bheith rannpháirteach sa chlár dá leanbh chun nasc a choinneáil leis an scoil i rith laethanta saoire an tsamhraidh ar bhealach dearfach.
- Deiseanna iomchuí a chur ar fáil do roinnt tuismitheoirí chun cuidiú le gníomhaíochtaí i rith an chláir samhraidh ina bhfuil saineolas ar leith acu; *tabhair faoi deara, tá sé seo faoi réir nósanna imeachta um Chosaint Leanaí, grinnfhiosrúchán an Gharda Síochána san áireamh*.
- Clár ama an chláir samhraidh agus eolas eagrúcháin ábhartha eile a roinnt le tuismitheoirí.
- A chinntiú go bhfaigheann na tuismitheoirí uile eolas faoin dul chun cinn atá déanta ag a leanbh nuair atá an clár críochnaithe.

Tá sampla d'**fhoirm le dul i gcomhairle le tuismitheoirí** curtha isteach mar **Aguisín C**.

## Meastóireacht ar Chlár Samhraidh 2024

Iarrfaidh an Rannóg Oideachais Speisialta ar an gCigireacht cuairt a thabhairt ar shampla de scoileanna a bhfuil an clár samhraidh á thairiscint acu.

Is é fócas na gcuairteanna seo ná chun fiosrú a dhéanamh ar a oiread agus a tugadh tús áite ceart sna cláir samhraidh do na leanaí agus na daoine óga sin le bheith rannpháirteach sa chlár samhraidh. I rith na gcuairteanna, fiosróidh na cigirí a oiread agus atá an méid seo a leanas sna cláir samhraidh:

- gníomhaíochtaí atá deartha chun cumas leanaí agus daoine óga a fhorbairt le machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama, ar cad a spreagann iad le foghlaim a dhéanamh, agus ar an dul chun cinn a dhéanann siad agus ar cad a bhaineann siad amach ina gcuid foghlama.
- chun ligean do leanaí agus do dhaoine óga a bheith rannpháirteach go hiomchuí ag pleanáil an chláir agus san athbhreithniú ar éachtaí an chláir.

- modhanna iomchuí agus praiticiúla i bhfeidhm le rannpháirtíocht tuismitheoirí éifeachtacha sa chlár samhraidh a chur chun cinn.
- córas i bhfeidhm lena chinntiú go gcuirtear tuairisc scríofa agus gonta i gcrích ar an dul chun cinn atá déanta ag gach leanbh / duine óg ag deireadh gach cláir.

I rith chuairt cigire ar an gClár Samhraidh, iarrfaidh an cigire féachaint ar **phlean soláthair na scoile do dhaltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**. Tá teimpléad phlean soláthair na scoile ar lch 29 bunscoil lch 35 (iar-bhunscoil) de na Treoirlínte do Bhunscoileanna/Scoláirí a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais acu i mBunscoileanna/Iar-Bhunscoileanna Príomhshrutha.

Buailfidh an cigire le bainisteoir an chláir, tabharfaidh sé/sí cuairt ar réimse gníomhaíochtaí, pléifidh sé/sí an soláthar leis na múinteoirí agus rachaidh sé/sí i dteagmháil leis na leanaí agus na daoine óga.

## Conclúid

Tá an treoir sa cháipéis seo deartha chun tacú le múinteoirí i ngach suíomh, lena n-áirítear scoileanna speisialta, ranganna speisialta agus scoileanna príomhshrutha maidir le dearadh agus seachadadh clár oideachais samhraidh a thacaíonn le daltaí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus/nó atá i mbaol mór míbhuntáiste oideachais. Is iad na torthaí inmhianaithe do na daltaí ná go bhforbraíonn siad a bhféinmhuinín agus na naisc atá acu lena bpiaraí. Mar thoradh air seo, beidh eispéireas níos fearr acu lena gcuid folláine féin agus méadófar a riar scileanna chun leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais. Tríd an gclár samhraidh seo a sheachadadh, ba chóir do phríomhoidí, eagraithe, bainisteoirí agus múinteoirí an chláir samhraidh oibriú i dtreo féinmhuinín láidir, nascacht lena bpobal scoile agus dearcadh dearfach a chothú sna daltaí chun leanúint ar aghaidh lena gcuid oideachais.

Coinníonn gach scoil an tsolúbthacht agus an neamhspleáchas chun cláir foghlama a dhearadh a oireann do riachtanais leanaí agus dá suíomh oideachasúil ar leith. Beidh sé thar a bheith tábhachtach do scoileanna dul i dteagmháil le tuismitheoirí/caomhnóirí ionas go n-aontófar cad a bhfuil siad ag súil leis maidir le nádúr chlár an linbh nó an duine óig roimh ré agus go gcoinneofar dea-chumarsáid i rith an chláir ar fad. Chun tacú le leanúnachas i bhfoghlaim an linbh, ba chóir torthaí an chláir do gach leanbh nó duine óg a roinnt go héifeachtach i bhfoirm scríofa leis an scoil agus leis na tuismitheoirí go pras.

Trí Chlár Samhraidh 2024 a sheachadadh, ba cheart do phríomhoidí agus do mhúinteoirí a ndícheall a dhéanamh agus tacú leis na leanaí nó na daoine óga a bhfuil tús áite tugtha dóibh chun a rannpháirtíocht san fhoghlaim agus i ngníomhaíochtaí sóisialta a dhaingniú agus chun a **muinín** a fhorbairt mar ullmhúchán d'aistriú éasca chuig a ranganna nua i mí Mheán Fómhair 2024.

## Aguisíní

**Aguisín A – Teimpléad de Thuairisc an Chláir Samhraidh.** Is féidir an sampla den teimpléad tuairisce seo a úsáid le tuairisc scríofa a chur ar fáil maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag daltaí ag deireadh a rannpháirtíochta sa Chlár Samhraidh.

**Aguisín B – Machnamh ar an bhFoghlaim: Sampla de noda.** D'fhéadfaí samplaí de na ceisteanna seo a úsáid chun nod a thabhairt do mhachnamh na ndaltaí ar an bhfoghlaim.

**Aguisín C – Teimpléad Comhairliúcháin an Chláir Samhraidh**. Is féidir le scoileanna é seo a úsáid chun dul i gcomhairle leis na tuismitheoirí/caomhnóirí, agus más cuí, leis na foghlaimeoirí roimh an gclár**.**

## AGUISÍN A – TEIMPLÉAD DE THUAIRISC AN CHLÁIR SAMHRAIDH

**Cuir isteach lógó na scoile anseo**

# TUAIRISC AN DALTA/SCOLAIRE
# DE CHUID AN CHLÁIR SAMHRAIDH
### "MUINÍN AGUS NAISC A CHOTHÚ"

**Le bheith comhlánaithe ag múinteoir(í) an Chláir Samhraidh i gcomhairle le bainisteoir/eagraí an Chláir Samhraidh mar athbhreithniú ar phlean an Chláir Samhraidh agus mar threoir ar ghníomhaíochtaí sa todhchaí.**

| | | |
|---|---|---|
| Ainm an Dalta/Scoláire | Rang/ Bliain | |
| Dáta breithe an Dalta/Scoláire | | |
| Dáta thuairisc an Chláir Samhraidh | | |
| Cad iad na scileanna agus éachtaí a bhain an dalta/scoláire amach i rith an chláir samhraidh? | | |
| An raibh aon dúshláin ar leith roimh an dalta/scoláire i rith an chláir samhraidh? Má bhí, conas a cuidíodh leis an dalta/scoláire na dúshláin seo a shárú? | | |
| Conas is féidir le múinteoirí príomhshrutha agus/nó tacaíochta úsáid a bhaint as an eolas seo chun cuidiú leis an dalta/scoláire sa scoilbhliain amach romhainn? | | |
| Aon rud le rá ag an dalta/scoláire: | | |
| Aon rud le rá ag an tuismitheoir (na tuismitheoirí)/ag an gcaomhnóir (na caomhnóirí) maidir leis an dul chun cinn atá déanta ag a leanbh i rith an chláir: | | |
| Síniú an mhúinteora a chomhlánaigh an fhoirm | | |

| |
|---|
| **Gníomhaíochtaí atá ag eascairt as tuairisc an Chláir Samhraidh (cuir tic isteach de réir mar is cuí)** |

DRAFT

| | | | |
|---|---|---|---|
| | Tuairisc curtha ar aghaidh go dtí an tuismitheoir | | Tuairisc curtha isteach i gComhad Tacaíochta an Scoláire agus athbhreithniú déanta uirthi ag an múinteoir MOS |
| | Athbhreithniú déanta ag an múinteoir ranga ar an tuairisc agus an tuairisc coinnithe aige/aici | | Úsáid bainte as an tuairisc chun cur leis an bpleanáil sa todhchaí do dhalta/scoláire |

## AGUISÍN B –– MACHNAMH AR AN BHFOGHLAIM: SAMPLA DE NODA

Samplaí de cheisteanna a d'fhéadfadh múinteoirí a úsáid roimh agus i ndiaidh ghníomhaíochtaí an Chláir Samhraidh chun nod a thabhairt do dhaltaí/scoláirí machnamh a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

Ba chóir go mbeadh a bhfuil sa chlár samhraidh agus na gníomhaíochtaí atá eagraithe bunaithe ar aidhmeanna agus a bhfuil sa chlár atá leagtha amach sa *Treoir ar Chlár Samhraidh 2024 do Scoileanna*, lena n-áirítear an treoir maidir le cuid chuige teagaisc, ag foghlaim conas foghlaim a dhéanamh, ar an bhfolláine, scileanna, teicneolaíocht, etc. Ba chóir do mhúinteoirí béim a leagan ar na príomhscileanna chomhtháthú atá oiriúnach d'aois agus céim forbartha an dalta/scoláire chomh maith leis a c(h)éim scolaíochta.

**<u>Ceisteanna noda a d'fhéadfadh múinteoirí a chur ar dhaltaí/scoláirí sula dtéann siad i ngleic le gníomhaíocht</u>**

Ba chóir go mbeadh na ceisteanna seo deartha chun cuidiú le daltaí/scoláirí díriú ar conas ullmhúchán a dhéanamh do ghníomhaíocht agus chun na daltaí/scoláirí a spreagadh lena rá cad ba mhaith leo a fhoghlaim i rith na gníomhaíochta.

1. *Cad é an fhoghlaim atá beartaithe i rith na gníomhaíochta seo, dar leat?*
2. *Cad ba mhaith leat a fhoghlaim i rith na gníomhaíochta / an bhfuil aon scil nó réimse spéise ar leith ar mhaith leat fiosrú a dhéanamh fúithi/faoi nó forbairt bhreise a dhéanamh uirthi/air?*
3. *Conas is féidir linn ullmhúchán a dhéanamh don ghníomhaíocht seo? An bhfuil aon trealamh nó acmhainní a bheadh ag teastáil uait chun cuidiú leat i rith na gníomhaíochta?*
4. *Má tá cuairt á reáchtáil ag na leanaí agus daoine óga ina mbeidh i gceist bualadh le duine éigin lasmuigh den scoil nó cuairteoir chuig an scoil, cuir isteach ceisteanna ar leith faoi obair an duine sin. Mar shampla, cad iad na ceisteanna a d'fhéadfaimis a chur ar (an leabharlannaí, an garda, an maor dóiteáin, an t-údar, an siopadóir) nuair a chasaimid leo?*
5. *Conas is féidir linn a chinntiú go bhfuil gach duine sábháilte i rith na gníomhaíochta?*

**<u>Ceisteanna noda a d'fhéadfadh múinteoirí a chur ar dhaltaí/scoláirí tar éis dóibh dul i ngleic le gníomhaíocht</u>.**

Ba chóir go mbeadh na ceisteanna seo deartha chun cuidiú le daltaí machnamh a dhéanamh ar a dtorthaí agus eispéiris ón ngníomhaíocht mar fhoghlaimeoir.

- *Déan cur síos ar roinnt de na rudaí a d'fhoghlaim tú i rith na gníomhaíochta sin?*
- *Cad iad na scileanna a d'fhiosraigh tú i rith na gníomhaíochta? Cad iad na láidreachtaí a thaispeáin tú?*

- *Cad iad na codanna ba thaitneamhaí den ghníomhaíocht? Cén fáth a raibh an chuid seo an chuid ba thaitneamhaí duit?*
- *Cad eile ba mhaith leat a bheith foghlamtha agat i rith na gníomhaíochta seo?*
- *Cad iad roinnt de na dúshláin a bhí romhat i rith na gníomhaíochta? Cad a rinne tú chun na dúshláin seo a shárú? Cad a bheadh foghlamtha agat mar go raibh ort na dúshláin seo a shárú?*
- *Ag breathnú siar ar cad a raibh tú ag leis titim amach i rith na gníomhaíochta, an raibh tú sásta, an raibh iontas ort nó an raibh díomá ort faoi cad a thit amach. Má bhí, cén fáth?*
- *Ar bhain tú taitneamh as an ngníomhaíocht seo? Murar bhain tú taitneamh as, cén fáth? An mbeadh fonn ort an ghníomhaíocht seo a dhéanamh arís? An raibh bealach eile ann ina bhféadfadh an ghníomhaíocht a bheith níos taitneamhaí duit?*
- *Conas a d'fhéadfá insint do dhaoine eile faoi cad a rinne tú? Cén tslí inar mhaith leat insint dóibh faoin ngníomhaíocht seo? e.g. obair ealaíne, obair scríbhneoireachta, cur i láthair digiteach a chruthú, i ról ag aisteoireacht i radharc*

## AGUISÍN C – TEIMPLÉAD COMHAIRLIÚCHÁIN AN CHLÁIR SAMHRAIDH

**FOIRM AN CHLÁIR SAMHRAIDH DO THUISMITHEOIRÍ**
**"MUINÍN AGUS NAISC A CHOTHÚ"**

**Cuir isteach lógó na scoile anseo**

A Thuismitheoir/a Chaomhnóir, a chara,

Tá Clár Samhraidh 2024 inár scoil deartha chun deiseanna a thabhairt do leanaí agus do dhaoine óga taithí a fháil ar shaol na scoile ar bhealach an-tacúil trí bhéim ar leith a chur ar ghníomhaíochtaí taitneamhacha, ar an bhfoghlaim dhearfach agus ar a bhféinmhuinín agus a bhfolláine a chur chun cinn. Má ghlacann do leanbh páirt sa chlár, tacófar leis/léi chun a scileanna riachtanacha a fhorbairt níos mó fós i rith mhíonna an tsamhraidh i dtimpeallacht nach bhfuil chomh foirmiúil sin mar a bheadh i rith na scoilbhliana. Tá an Clár Samhraidh bunaithe ar an téama "Muinín agus Naisc a Chothú". Sna gníomhaíochtaí a eagróidh na múinteoirí, cuirfear seansanna ar fáil do do leanbh le scileanna sóisialta agus mothúchánacha a fhoghlaim agus a fhorbairt. Cuirfear seansanna ar fáil dóibh le cairdeas a dhéanamh agus a fhorbairt, le feabhas a chur ar a muinín maidir leis an scoil agus leis an bhfoghlaim, agus an cur amach atá acu faoi leagan amach agus gnáthaimh na scoile a neartú.

Chun cuidiú lenár scoil gníomhaíochtaí a eagrú atá taitneamhach agus fiúntach le haghaidh do linbh, táimid ag iarraidh ort an t-eolas seo a leanas a chur ar fáil dúinn.
Ainm an Linbh: ____________________ Dáta breithe an Linbh: ___________________

Leibhéal Ranga/Bliana: _______________________

### 1. Scileanna agus láidreachtaí

| |
|---|
| An féidir leat liosta a dhéanamh de roinnt scileanna agus láidreachtaí atá ag do leanbh a d'fhéadfaí a fhiosrú níos mó fós i rith an Chláir Samhraidh? |

### 2. Réimsí Spéise

| |
|---|
| An féidir leat liosta a dhéanamh d'aon réimse spéise le haghaidh do linbh a d'fhéadfaí a chur isteach mar chuid den Chlár Samhraidh? |

DRAFT

### 3. Réimsí riachtanais

| |
|---|
| An féidir leat liosta a dhéanamh de roinnt de na riachtanais foghlama reatha atá ag do leanbh ar mhaith leat iad fheiceáil agus forbairt déanta orthu i rith an Chláir Samhraidh? |

### 4. Ag cuidiú le do leanbh bogadh isteach go dtí an chéad rang/bhliain eile

| |
|---|
| An bhfuil aon rud, dar leat, a d'fhéadfadh múinteoirí an Chláir Samhraidh a dhéanamh chun cuidiú le do leanbh socrú isteach níos mó fós ina rang scoile/scoilbhliain nua i mí Mheán Fómhair? |

### 5. Do bhuanna agus scileanna a roinnt

| |
|---|
| An bhfuil aon scil nó bua ar leith agat agus an mbeifeá sásta teacht go dtí an scoil agus í/é a roinnt leis na daltaí/scoláirí inár scoil?<br><br>*Tabhair faoi deara go mbeidh grinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána roimh ré i bhfeidhm.* |

**Síniú an tuismitheora/an chaomhnóra:** ______________________________________

**Dáta:** ____________________________

## Gabhaimid buíochas ó chroí leat as an am a ghlacadh leis an bhfoirm seo a chomhlánú